Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Aibreán 2019
(OR. en)

8087/1/19
REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0288(COD)**

CODEC 843
JUSTCIV 100
CONSOM 128
AUDIO 58
DATAPROTECT 114
DAPIX 127
DIGIT 71

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le conarthaí i ndáil le díolacháin earraí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2017/2394 agus Treoir 2009/22/CE, agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/44/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 9 Nollaig 2015, chuir an Coimisiún an togra[1] thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 27 Aibreán 2016[2].

3. Ar an 31 Deireadh Fómhair 2017, rinne an Coimisiún leasú ar an togra uaidh[3].

4. Ar an 15 Feabhra 2018 thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh maidir leis an togra leasaithe[4].

[1] 15252/15.
[2] IO C 264, 20.7.2016, lch. 57.
[3] 13927/17.
[4] IO C 227, 28.6.2018, lch. 58.

5. Ar an 26 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 27/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

5 7720/19.